



An Bhruiséil, 7 Márta 2025  
(OR. en)

6479/25

ENER 30  
FISC 40  
ECOFIN 217  
ENV 104

## NÓTA

---

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Plean Gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne - Díospóireacht bheartais

---

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 17 Márta 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Nóta cúla ón uachtaránacht**

**Plean Gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne - an tAontas Fuinnimh a neartú**

Mar fhreagairt ar ghéarchéim fuinnimh 2022-2023, tá roinnt bearta éigeandála gearrthéarmacha curtha chun feidhme ag an Aontas in éineacht le hathchóirithe laistigh de Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna fuinnimh, tá siad fós os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá tionchar diúltach méadaitheach aige sin ar iomaíochas domhanda an Aontais.

Le dul i ngleic leis an dúshlán sin, d'fhoilsigh an Coimisiún le déanaí an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhfuil Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne mar bhonn taca leis. Cé go leagtar amach sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan gníomhaíochtaí chun an dícharbónú a iompú ina spreagadh fáis do thionscail na hEorpa, leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta bearta nithiúla gearrthéarmacha éagsúla chun billí fuinnimh a laghdú do shaoránaigh, do ghnólachtaí, do thionscail agus do phobail ar fud an Aontais, agus dlús á chur ag an am céanna le cur chun feidhme na n-athchóirithe struchtúracha coigilte costais chun an tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche, infheistíochtaí a mhealladh, agus a bheith níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ba cheart do laghdú praghsanna faoiseamh láithreach a thabhairt do thomhaltóirí, agus is iad margadí fuinnimh atá níos doimhne an bealach is fearr chun praghsanna inacmhainne fuinnimh a bhaint amach san fhadtéarma.

Tá difríochtaí móra idir na bearta a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta i dtéarmaí cineáil, aga seachadta, in-fhorfheidhmitheacht, úinéireachta nó tionchair de. Tá cuid acu forbartha go hiomlán, agus beidh tuilleadh machnaimh ag teastáil ó chuid eile acu. Luaitear go soiléir sa Phlean Gníomhaíochta gur gá fíor-Aontas Fuinnimh a chur i gcrích, ar Aontas é a tionscnaíodh in 2015, trí thrí chumasóir: margadh gáis atá níos trédhearcaí agus níos iomaíche agus a fheidhmíonn go maith.

**Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an mbealach chun an Plean Gníomhaíochta a thabhairt ar aghaidh, ar bhonn na gceistanna seo a leanas:**

- 1) Cad iad na bearta atá molta ag an gCoimisiún – ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon – arb é is aidhm dóibh costais fuinnimh a laghdú, ar dócha go mbeidh an tionchar is mó acu sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma, agus ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh dá bhrí sin?**
  
- 2) Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, cé na bearta eile a d'fhéadfaí a bheartú chun costais fuinnimh a laghdú a thuilleadh? An measann na Ballstáit go gcuirfeadh comhchuibhiú níos fearr agus rannpháirtíocht trasteorann níos láidre i réimse na sásraí acmhainneachta le hinacmhainneacht fhoriomlán na sásraí sin?**

---